**An Scoláire Bocht**

Bhíodh scoláirí bochta ann fadó. Bhídís ag imeacht timpeall agus gan aon tslí bheatha acu. Bhíodh asclán leabhar acu, na créatúirí. Bhídís ag múineadh scoláirí óga, agus bhíodh fáilte rompu. Bhíodh an scoláire bocht seo áirithe ag imeacht timpeall an liomatáiste agus ba ghnách leis dul go dtí an tigh seo ó am go h-am. Bhíodh ana-fháilte ag bean an tí roimis mar bhí triúr buachaillí aici. Ach tá sé ráite riamh: “Téir go hannamh agus gheobhair fáilte, ach téir go minic agus ní bhfaighir náid.”

Is dócha go bhfuaireadar traochta den bhfear bocht so, agus lá áirithe do bhí sé ag treabhadh roimis agus é ag déanamh ar an dtigh agus chonaic sé bean an tí ina seasamh sa doras. Is dócha go bhfaca sí siúd ag teacht é chomh maith. Agus ghlaoigh sí ar an dtriúr clainne agus dúirt sí leo:

“Tá sé seo chugainn aríst, agus abraigí ná fuil bhur máthair istigh.”

D’fhág sí an doras agus rith sí isteach.

Tháinig an scoláire bocht chomh fada leo agus dúradar leis in ard a gcinn is a ngutha:

“Níl ár máthair istigh in ao’chor inniu.”

“Á, ní fhéadfadh duine a bheith istigh i gcónaí,” ar seisean. “Ná bac san.”

D’fhan sé tamaillín ag caint leo.

“Taispeáin dom do láimh,” ar seisean leis an mbuachaill ba shine.

Thaispeáin sé an láimh agus bhí sé ag féachaint ar chroí na dearnan.

“Ó, Dia linn, Dia linn, a bhuachaillín, ” ar seisean. “Is oth liom a rá leat, ní deas an saol atá romhat. Beidh tusa id’ fhear déirce amach anso.”

“Taispeáinse do láimh dom,” ar seisean leis an tarna mac. Dhein.

“Ó Dia linn,” ar seisean. “Is measa ná san an saol atá romhatsa, a bhuachaillín. Beidh tusa id’ bhithiúnach amach anso.”



“Taispéain do láimh dom,” ar seisean, leis an tríú mac.

“Ó, go bhféacha Dia orainn,” ar seisean. “Is measa fós an saol atá romhatsa amach, a chréatúir. Beidh tusa id’ dhúnmhairitheoir.”

D’fhág sé slán acu agus d’imigh sé. Chuadar isteach agus bhíodar ag insint dá máthair cad a dúirt sé leo. Tháinig crith cos agus lámh ar an máthair.

“Bhfuil fhios agaibh,” ar sise, “tá an dinnéar ullamh istigh. Ritheadh duine agaibh ina dhiaidh agus abraígí leis teacht ar ais, go bhfuil bhúr máthair tagaithe abhaile, agus go mba bhreá libh go dtiocfá agus go mbeidh béile agat in éineacht linn.” Dheineadar amhlaidh, agus tháinig sé thar n-ais agus fuair sé béile breá. Bhí sé féin agus an mháthair ag comhrá le chéile.

“Mhuise,” ar sise, “níl aon scéal maith agat i gcás mo chlainne is dealraitheach.”

“Dhera, níl,” ar seisean, “ach ní gá dhuit a bheith chomh critheaglach san in ao’chor ná chomh buartha. Bíonn leigheas ar na rudaí sin.”

“Cén leigheas a bheadh orthu?” ar sise.

“Ná dúraís le duine acu go raibh drochshaol roimis amach, go mbeadh sé ina fhear déirce agus, Dia linn is Muire Máthair, níl sé sin uainn in ao’chor, in ao’chor. Agus dúraís leis an tarna garsún go mbeadh sé ina bhithiúnach, agus dúraís leis an dtriú duine go mbeadh sé ina dhúnmharaitheoir.”

“Dúrt”, ar seisean, “dúrt go macánta, ach tá leigheas air sin. Má dheineann tú bráthair bocht don ngarsún óg, beidh sé ina fhear déirce go deo, ní bheidh aon phingin go deo aige. Má dheineann tú dlíodóir don tarna garsún beidh sé ina bhithiúnach go deo. Agus má dheineann tú dochtúir den bhfear eile beidh sé ina dhúnmharaitheoir, mar leigheasfaidh sé duine, ach ní féidir leis gach éinne a leigheas agus maróidh sé duine eile.”

Bhí an mháthair sásta ansan, agus cad ‘na thaobh ná beadh?